

An Bhruiséil, 9 Iúil 2026
(OR. en)

11667/26

STATIS 59
DELECT 108
COMPET 937

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 5010 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 3.7.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta áirithe a shimpliú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 5010 final.

Faoi iamh: C(2026) 5010 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.7.2026
C(2026) 5010 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 3.7.2026

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le caighdeáin
tuairiscithe inbhuanaitheachta áirithe a shimpliú**

{SWD(2026) 500 final}

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta (2013/34/AE)¹ arna leasú leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach ('TTCI' – (AE) 2022/2464)², ceanglaítear ar ghnóthais áirithe faisnéis a nochtadh go poiblí maidir le tionchair, rioscaí agus deiseanna an ghnóthais i ndáil le hábhair inbhuanaitheachta. Ní mór an fhaisnéis sin a thuairisciú i gcomhréir leis na Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (CETI) a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772³ ón gCoimisiún agus ní mór í a áireamh i roinn thiomnaithe de thuarascáil bhainistíochta aonair nó chomhdhlúite an ghnóthais, de réir mar is iomchuí.

Le pacáiste simpliúcháin Omnibus I (Treoir (AE) 2026/470⁴), a tháinig i bhfeidhm an 18 Márta 2026, agus nach mór do na Ballstáit a thrasú faoin 19 Márta 2027, leasaíodh an Treoir Chuntasaíochta tríd an líon gnóthas atá faoin raon feidhme a laghdú agus tríd an gcreat tuairiscithe inbhuanaitheachta a shimpliú.

Chun simpliú agus cuíchóiriú an tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhaint amach go pras gan dochar a dhéanamh do chuspóirí TTCI, aithnítear in Aithris (18) de phacáiste simpliúcháin Omnibus I go nglacfaidh an Coimisiún, laistigh de 6 mhí ó theacht i bhfeidhm Omnibus I, gníomh tarmligthe lena leasófar an CETI atá ann cheana tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) pointí sonraí a bhaint a mheastar a bheith ar na pointí sonraí is lú tábhacht le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta ilchuspóireach; (ii) tosaíocht a thabhairt, a mhéid is féidir, do phointí sonraí cainníochtúla thar théacs insinte; (iii) idirdhealú breise a dhéanamh idir pointí sonraí sainordaitheacha agus pointí sonraí deonacha; (iv) treoracha soiléire a sholáthar maidir le conas prionsabal na hábharthachta a chur i bhfeidhm, chun a áirithiú nach gceanglaítear ar ghnóthais ach faisnéis ábhartha a thuairisciú, agus chun an riosca a laghdú go spreagfadh soláthraithe seirbhísí dearbhúcháin gnóthais, de thaisme, faisnéis nach bhfuil riachtanach a thuairisciú nó acmhainní iomarcacha a thiomnú don phróiseas measúnúcháin ábharthachta; (v) feabhas a chur ar chomhsheasmhacht le píosáí eile de reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le seirbhísí airgeadais; agus (vi) idir-inoibritheacht le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dhomhanda a chur san áireamh, a mhéid is féidir. Soiléireofar leis an athbhreithniú ar CETI atá ann faoi láthair forálacha a mheastar a bheith doiléir, agus déanfar struchtúr agus cur i láthair na gcaighdeán a shimpliú leis. Ba cheart go ndéanfar leis aon mhodhnú eile a bhféadfaí a mheas ina leith gur

¹ Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj>).

² Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj>).

³ Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (IO L, 2023/2772, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2772/oj).

⁴ Treoir (AE) 2026/470 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinhuanaitheacht chorparáideach (IO L, 2026/470, 26.2.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2026/470/oj>).

modhnú riachtanach é i bhfianaise na taithí a fuarthas agus an CETI atá ann faoi láthair á chur i bhfeidhm. Ba cheart go gcuirfí san áireamh freisin sna caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gnóthais agus faisnéis á bailiú acu ó ghníomhaithe ar feadh a slabhra luacha, go háirithe uathu siúd nach bhfuil faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta agus ó sholáthróirí i margaí agus geilleagair i mbéal forbartha.

Mar a leagtar síos mar cheanglas leis an Treoir Chuntasaíochta⁵, ní mór don Choimisiún na caighdeáin athbhreithnithe sin a ghlacadh agus an chomhairle theicniúil a chuireann an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais ar fáil á cur san áireamh, ar comhlachas neamhbhrabúsach ilpháirtithe leasmhara é a bunaíodh faoi dhlí na Beilge agus a chuireann comhairle ar an gCoimisiún maidir le caighdeáin tuairiscithe airgeadais agus inbhuanaitheachta.

Chuir an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais a chomhairle theicniúil maidir le CETI athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin an 2 Nollaig 2025. Forbraíodh an chomhairle theicniúil ar bhonn clár oibre a ndeachthas i gcomhairle leis an gCoimisiún ina leith i mí Aibreáin 2025. An anailís costais is tairbhe a ghabhann leis, mar aon leis an mbonn le conclúidí, loga na leasuithe, tábla comparáideach na dtéacsanna, agus an nóta míniúcháin maidir le hAirteagal 29b(5) den Treoir Chuntasaíochta⁶, cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad an 23 Nollaig 2025.

Leis an ngníomh tarmligthe seo, glactar an chéad tacar de Chaighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (CETI) a úsáidfídh gnóthais chun a dtuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta. Ní mór do ghnóthais CETI athbhreithnithe a úsáid ón mbliain airgeadais 2027. Ina theannta sin, féadfaidh siad a roghnú CETI athbhreithnithe a úsáid freisin don bhliain airgeadais 2026.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na gcaighdeán atá sa ghníomh tarmligthe seo chun a áirithiú go nochtfar faisnéis inbhuanaitheachta atá ábhartha, iontaoifa agus inchomparáide mar thoradh orthu.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Sular chuir sé a chomhairle theicniúil faoi bhráid an Choimisiúin, d'eisigh an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais glao ar ionchur i mí Aibreáin 2025, rinne sé roinnt agallamh duine le duine le gnóthais ar méideanna éagsúla agus in earnálacha agus Ballstáit éagsúla, rinne sé cleachtadh tagarmharcála ar ráitis inbhuanaitheachta a eisíodh maidir leis an mbliain tuairiscithe 2024 agus anailís mhionsonraithe ar na ceistanna a fuarthas trí Ardán C&F CETI. D'eagraigh sé imeachtaí for-rochtana iomadúla freisin le grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla i mí Mheán Fómhair 2025, dhá thástáil allamuigh spriocdhírithe, agus reáchtáil sé comhairliúchán poiblí maidir le Dréachtaí Nochta simplithe CETI ón 29 Iúil 2025 go dtí an 29 Meán Fómhair 2025.

Le dréacht-CETI athbhreithnithe an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais, modhnaíodh na CETInna atá ann cheana tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Téacs na gcaighdeán a ghiorrú agus a shoiléiriú, chun éascaíocht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm agus ar chur i láthair níos soiléire faisnéis inbhuanaitheachta ó thaobh gnóthas de;

⁵ Airteagal 49(3b) den Treoir Chuntasaíochta.

⁶ Mínítear sa nóta seo conas a chuirtear san áireamh sna dréacht-CETI athbhreithnithe na tionscnaimh agus an reachtaíocht a liostaítear in Airteagal 29(b)5 den Treoir Chuntasaíochta.

- Bearta solúbthachta breise a thabhairt isteach chun an t-ualach ar ghnóthais a mhaolú, amhail faoisimh agus céimniú isteach nua;
- Na pointí sonraí sainordaitheacha a laghdú 61 % agus príomhchuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip á gcoinneáil an tráth céanna;
- Idir-inoibritheacht le caighdeáin idirnáisiúnta agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais a fheabhsú a mhéid is féidir i gcomhréir le cuspóir an tsimplithe; agus
- An measúnú ábharthachta a shimpliú, trí chur chuige atá soiléirithe go substaintiúil agus níos comhréirí a thabhairt isteach le treoraíocht bunaithe ar phrionsabail agus leis an bhféidearthacht faisnéis neamhábhartha atá sainaitheanta go soiléir a áireamh gan nochtaí ábhartha a cheilt. Cuireadh an tagairt do chreat um chur i láthair cothrom in iúl go sainráite freisin trí bhéim fheabhsaithe a chur ar shaintréithe cáilíochtúla agus ar nochtaí eintiteas-sonracha agus tríd an soiléiriú nach gceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis arna forordú le CETI nach bhfuil ábhartha a nochtadh.

Cuirtear i láthair in anailís costais is tairbhe de chuid an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais ar an dréacht-CETI athbhreithnithe measúnú ar thionchar na gcaighdeán athbhreithnithe ar fud grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla, i.e. gnóthais de chuid an Aontais den chuid is mó (faoi raon feidhme an togra Omnibus de réir an 26 Feabhra 2025 nó atá mar chuid dá slabhra luacha) agus úsáideoirí sonraí ESG (infheisteoirí, an tsochaí shibhialta, agus an tsochaí i gcoitinne). Breithnítear san anailís an coigilteas costais do ghnóthas chomh maith leis an gcaillteanas faisnéise a d'fhéadfadh a bheith ann d'úsáideoirí sonraí ESG mar thoradh ar an athbhreithniú ar CETI, agus measúnú á dhéanamh ar thionchair dhearfacha agus dhiúltacha araon, agus idirdhealú á dhéanamh idir éifeachtaí díreacha agus indíreacha. Sainithnítear san anailís, i gcomparáid leis an gcéad sraith de CETInna a glacadh in 2023, treocht fhoriomlán laghdaithe costais agus tairbhí do ghnóthais gan difear mór a dhéanamh do na costais agus na tairbhí d'úsáideoirí na ráiteas inbhuanaitheachta. Maidir leis na costais ar ghnóthais aonair, tugann an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais dá aire go bhfuil coigilteas tábhachtach ó thaobh an gheilleagair de. Thar an tréimhse 5 bliana, comhfhreagraíonn coigilteas costais tuairiscithe do 34 % ar an meán de na costais bhonnline do ghnóthais atá faoin raon feidhme. Meastar gurb é 28 % an ráta coigiltis in 2027, go dtiocfaidh méadú air go 38 % in 2028, agus ansin go gcobhsóidh sé ag thart ar 33-36 % ó 2029 ar aghaidh, a luaith a bheidh na gnóthais uile faoi réir an chreata athbhreithnithe. Trí éifeachtaí an tslabhra luacha a chur san áireamh, ardaíonn coigilteas carnach ó EUR 3,7 billiún go dtí thart ar EUR 4,7 billiún thar 2027-2031, a chomhfhreagraíonn do thart ar 44 % de na costais bhonnline. Maidir leis na tairbhí d'úsáideoirí ráiteas inbhuanaitheachta, cuireann an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais i bhfios go láidir, i bhfianaise a gcineáil, go bhfuil sé deacair iad a chainníochtú agus go ndéantar measúnú orthu sa tuarascáil go príomha i dtéarmaí cáilíochtúla. Tá na costais agus tairbhí measta sin bunaithe ar na caighdeáin bheartaithe a chuir an Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais isteach, seachas ar an ngníomh tarmligthe críochnaitheach a ghlac an Coimisiún.

Tar éis don Ghrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais a chomhairle theicniúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus sular glacadh an gníomh tarmligthe seo, rinne an Coimisiún na comhairliúcháin seo a leanas, mar a leagtar síos mar cheanglas leis an Treoir Chuntasaíochta⁷:

- Comhairliúchán comhpháirteach de Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát um Maoiniú Inbhuanaithe agus den Choiste Rialála Cuntasaíochta;

⁷ Airteagal 49(3b) den Treoir Chuntasaíochta.

- Comhairliúchán leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí (ESMA), leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC), leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), le Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta (CCEFI) agus leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe.

Ina theannta sin, roinn roinnt páirtithe leasmhara a dtuairimí leis an gCoimisiún maidir le comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais le haghaidh na CETI athbhreithnithe.

I bhfianaise na gcomhairliúchán sin, tá roinnt modhnuithe spriocdhírithe déanta ag an gCoimisiún ar chomhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais, agus é mar phríomhaidhm aige cur i bhfeidhm na gcaighdeán a éascú trí fhorálacha áirithe a shoiléiriú agus solúbthachtaí breise áirithe a dheonú do ghnóthais. Leis na príomh-mhodhnuithe a rinneadh i ndáil leis sin, tugtar aghaidh ar na saincheistanna seo a leanas:

- Ábharthacht agus measúnú ábharthachta. Luaitear go soiléir sa téacs nach bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh an gnóthas riachtanais shonracha faisnéise gach úsáideora aonair agus cuirtear i dtábhacht go láidir gurb é cuspóir na gcaighdeán tuairisciú faisnéise atá úsáideach d'úsáideoirí agus cinneadh á dhéanamh acu a áirithiú. Sonraítear ann 'nach' dtuairisceoidh gnóthais faisnéis nach bhfuil ábhartha, ach amháin in imthosca áirithe atá sainithe go soiléir, seachas a rá 'nach gceanglaítear' ar an ngnóthas faisnéis nach bhfuil ábhartha a thuairisciú. Ar deireadh, cuirtear i dtábhacht le foráil nua go gcuireann an cur chuige 'ón mbarr anuas' i leith measúnú ábharthachta ar a gcumas do na gnóthais obair nach bhfuil gá léi a sheachaint agus, go ginearálta, measúnú ar ábharthacht gach tionchair, riosca nó deise aonair a sheachaint.
- Cur i láthair cothrom: Soiléirítear sa téacs go bhfuil feidhm ag cur i láthair cothrom maidir leis an ráiteas inbhuanaitheachta foriomlán agus nach bhfuil feidhm aige maidir le gach pointe sonraí. Luaitear ann freisin ar bhealach níos soiléire go mbíonn cur i láthair cothrom mar thoradh ar chur i bhfeidhm CETI. Leis na modhnuithe a rinneadh maidir le hábharthacht agus measúnú ábharthachta, éascófar freisin cur i bhfeidhm phrionsabal an chur i láthair chothroim.
- Leibhéal an chomhiomlánaithe agus an dí-chomhiomlánaithe: Leis an téacs, tugtar isteach níos mó discréide don ghnóthas maidir leis an ngá atá le comhthéacsanna geografacha sonracha a mheas agus an measúnú ábharthachta á dhéanamh. Soiléirítear leis freisin nach dtugtar le tuiscint le leibhéal an dí-chomhiomlánaithe le haghaidh measúnú ábharthachta nach mór faisnéis a thuairisciú ar an leibhéal céanna dí-chomhiomlánaithe sin.
- Faisnéis a fhágáil ar lár: Comhtháthaítear sa téacs forálacha nua a dhíorthaítear ón Treoir 'Omnibus I' lena gceadaítear do ghnóthais faisnéis áirithe a fhágáil ar lár in imthosca áirithe, lena n-áirítear faisnéis a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh do sheasamh tráchtála an ghnóthais⁸.
- Éifeachtaí airgeadais lena bhfuil coinne: Luaitear sa téacs gur dócha go mbeidh meastacháin i gceist le tuairisciú na n-éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo agus gur féidir iad sin a thabhairt cothrom le dáta amach anseo i bhfianaise faisnéis nua

⁸ Téacs a dhíorthaítear ó Airteagail 19a(3) agus 29a(3) den Treoir Chuntasaíochta arna leasú leis an Treoir 'Omnibus I'.

gan ‘earráid’ tuairiscithe a bheith i gceist leis sin. Soiléirítear ann freisin go bhfuil feidhm ag na forálacha lena gceadaítear do ghnóthais faisnéis áirithe a fhágáil ar lár in imthosca áirithe, lena n-áirítear faisnéis a d’fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh do sheasamh tráchtála an ghnóthais, maidir le tuairisciú ar éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo. Tugtar isteach bliain bhreise de chéimniú isteach le haghaidh faisnéis cháilíochtúil agus faisnéis chainníochtúil araon.

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa: tá an téacs ag teacht níos dlúithe le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta dhomhanda tríd an tsolúbthacht a thabhairt do ghnóthais úsáid a bhaint as an gcur chuige rialaithe airgeadais nó as an gcur chuige rialaithe oibriúcháin agus an teorainn tuairiscithe atá le cur i bhfeidhm á sainiú.
- Pleananna um aistriú aeráide: Leis an téacs, ceanglaítear ar ghnóthais a thuairiscíonn pleananna um aistriú a bhfuil spriocanna acu nach bhfuil comhoiriúnach le sprioc 1,5 C a bheith trédhearcach ina leith sin.
- Micreaphlaistigh: Leis an téacs, teorannaítear an ceanglas maidir le nochtheadh do mhicreaphlaistigh phríomhúla. Ar chúiseanna indéantachta agus comhréireachta, ní cheanglaítear ar ghnóthais méadracht maidir le micreaphlaistigh thánaisteacha a thuairisciú.
- Astú truailléan: sonraítear leis an téacs gur cheart an cinneadh maidir leis na truailléan atá ábhartha chun críoch tuairiscithe a dhéanamh tar éis measúnú bainistíochta ina gcuirtear san áireamh gníomhaíochtaí agus earnáil oibríochta an ghnóthais.
- Substaintí ar ábhar mór inní iad: tugtar isteach leis an téacs foráil nua bliana maidir le céimniú isteach chun tuairisciú a dhéanamh ar shubstaintí arb údar mór inní iad do ghnóthais ar úsáideoirí earraí iad ina bhfuil substaintí den sórt sin.
- Comhleanúnachas leis an Treoir maidir le Dícheall Cuí i dtaca le hInbhuanaitheacht Chorporáideach (‘TDCCI’ – Treoir (AE) 2024/1760)⁹: áirítear sa téacs roinnt modhnuithe teicniúla maidir le dícheall cuí chun ailíniú níos fearr le TDCCI a áirithiú.
- Teagmhais maidir le cearta an duine agus teagmhais idirdhealaithe: soiléirítear sa téacs nach bhfuil ach cásanna ‘a bhfuil bunús leo agus atá fíoraithe’ le tuairisciú, agus nach gá gur cásanna iad a bhfuil bunús leo na cásanna uile. Scriostar leis freisin an tagairt do ‘tionscanta’ le haghaidh na n-imeachtaí breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha.
- Gníomhaíochtaí bainistithe sócmhainní: Áirítear sa téacs forálacha nua chun a cheadú d’institiúidí airgeadais a bhainistíonn infheistíochtaí atá faoi réir dualgas muiníneach thar ceann cliant de bhun sainordú arna chomhaontú leis na cliaint sin gan faisnéis i ndáil leis na hinfeistíochtaí sin a nochtheadh ina ráiteas inbhuanaitheachta. Tá na hinfeistíochtaí sin ábhartha go príomha maidir le gníomhaíochtaí na gcliant seachas maidir le gníomhaíochtaí an ghnóthais atá ag gníomhú thar a gceann. Ina theannta sin, na hábhair inbhuanaitheachta atá ábhartha maidir leis na hinfeistíochtaí sin, rialaítear iad ar leibhéal an Aontais le Rialachán (AE) 2019/2088 agus le Rialacháin Tharmhligthe 2017/565 agus (AE) 2017/593. Is é

⁹ Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hInbhuanaitheacht chorporáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj>).

is aidhm do na forálacha nua sin ualach riaracháin díreireach agus dubailt na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta a sheachaint.

Bhí an gníomh tarmligthe seo faoi réir comhairliúchán 4 seachtaine ‘Cloisimis Uait’ ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr¹⁰..

Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar chomhsheasmhacht an ghnímh tharmligthe seo leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) den Dlí Aeráide Eorpach (Rialachán (AE) 2021/1119), agus leis an gcuspóir go n-áiritheofar go ndéanfar dul chun cinn maidir leis an oiriúnú dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán sin.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an gníomh tarmligthe seo bunaithe ar Airteagal 29b(1), an chéad fhomhír, den Treoir Chuntasaíochta.

Beidh na harscríbhinní seo a leanas ag gabháil léi:

- Iarscríbhinn I, lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 maidir leis an gcéad tacar de CETI tríd an líon pointí sonraí a laghdú, trí thosaíocht a thabhairt do phointí sonraí cainníochtúla thar théacs insinte, trí idirdhealú breise a dhéanamh idir pointí sonraí sainordaitheacha agus deonacha, trí threoracha soiléire a sholáthar maidir le conas prionsabal na hábharthachta a chur i bhfeidhm, trí chomhsheasmhacht le píosá eile de reachtaíocht an Aontais a fheabhsú, agus trí idir-inoibritheacht le caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta dhomhanda a chur san áireamh, a mhéid is féidir. Soiléirítear in Iarscríbhinn I freisin ceanglais áirithe agus simplítear struchtúr agus cur i láthair na gcaighdeán.
- Iarscríbhinn II, lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann leis na hacrainmneacha agus leis an ngluais téarmaí trí shainmhínithe áirithe atá le húsáid chun tuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir le CETInna a thabhairt cothrom le dáta.

Tá feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 arna leasú leis an ngníomh tarmligthe seo maidir le blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin maidir le gach gnóthas atá faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta arna leasú le Treoir (AE) 2026/470 (an Treoir ‘Omnibus I’).

I gcás na mblianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2026 agus an 31 Nollaig 2026, féadfaidh gnóthais atá faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta rogha a dhéanamh na caighdeán a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 arna leasú leis an ngníomh tarmligthe seo a chur i bhfeidhm in ionad na gcaighdeán a leagtar amach sa leagan de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 atá ann cheana. Ina theannta sin, gnóthais a roghnaíonn an leagan de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 atá ann cheana a chur i bhfeidhm le haghaidh na mblianta airgeadais sin, ba cheart dóibh a bheith in ann faoisimh áirithe a thugtar isteach leis an ngníomh tarmligthe seo a chur i bhfeidhm.

¹⁰ Reáchtáladh an Comhairliúchán ‘Cloisimis Uait’ ón 6 Bealtaine go dtí an 3 Meitheamh 2026 agus fuarthas 453 fhreagra.

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 3.7.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta áirithe a shimpliú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle¹, agus go háirithe Airteagal 29b(1), an chéad fhomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772² ón gCoimisiún na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá le húsáid ag gnóthais chun a dtuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE, ag tosú ón mbliain airgeadais a léirítear in Airteagal 5(2) de Threoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ le haghaidh gach catagóire gnóthas.
- (2) Le Treoir (AE) 2026/470 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, leasaíodh Treoir 2013/34/AE trí, *inter alia*, an líon gnóthas a thagann faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a den Treoir sin a laghdú agus trí na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a shimpliú ó bhlianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. I gcomhréir le Treoir (AE) 2026/470, agus ar bhonn na taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm na gcaighdeán inbhuanaitheachta atá ann cheana, is gá na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá ann cheana a leasú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) an líon pointí sonraí a laghdú; (ii) tosaíocht a thabhairt do phointí sonraí cainníochtúla de rogha ar théacs insinte; (iii) idirdhealú breise a dhéanamh idir pointí sonraí sainordaitheacha agus pointí sonraí deonacha; (iv) teoracha soiléire a sholáthar

¹ IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj>.

² Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (IO L, 2023/2772, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2772/oj).

³ Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj>).

⁴ Treoir (AE) 2026/470 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinhuanaitheacht chorparáideach (IO L, 2026/470, 26.2.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2026/470/oj>).

maidir le conas prionsabal na hábharthachta a chur i bhfeidhm; (v) feabhas a chur ar chomhsheasmhacht le reachtaíocht eile de chuid an Aontais; agus (vi) idir-inoibritheacht le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dhomhanda a chur san áireamh, a mhéid is féidir. Thairis sin, is gá forálacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a shimpliú agus struchtúr agus cur i láthair na gcaighdeán tuairiscithe a shimpliú.

- (3) Chuir an Coimisiún comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais san áireamh, ar comhairle í a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 49(3b), an chéad fhomhír, an dara fhomhír agus an tríú fhomhír, de Threoir 2013/34/AE. Mar sin féin, chun comhréireacht a áirithiú agus chun éascú a dhéanamh ar na gnóthais lena mbaineann na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm ceart, tá athruithe déanta ag an gCoimisiún i ndáil le comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) ábharthacht agus measúnú ábharthachta; (ii) cur i láthair cothrom; (iii) leibhéal an chomhiomlánaithe agus an dí-chomhiomlánaithe; (iv) an cumas faisnéis áirithe a fhágáil ar lár; (v) éifeachtaí airgeadais lena bhfuil coinne; (vi) astaíochtaí gás ceaptha teasa; (vii) pleananna um aistriú aeráide; (viii) micreaphlaistigh; (ix) astú truaileán; (x) substaintí arb údar mór inní iad; (xi) forálacha sonracha maidir le gníomhaíochtaí bainistithe sócmhainní; (xii) teagmhais maidir le cearta an duine agus teagmhais idirdhealaithe; agus (xiii) comhleanúnachas le Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ maidir le dícheall cuí.
- (4) Comhlíonann na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29b de Threoir 2013/34/AE.
- (5) Is gá, dá bhrí sin, na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a ionadú.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a leasú dá réir sin.
- (7) I gcomhréir le hAirteagal 29b(1), an tríú fhomhír, de Threoir 2013/34/AE, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm tráth nach luaithe ná 4 mhí tar éis a ghlactha.
- (8) Chun am iomchuí a thabhairt do ghnóthais ullmhú do chur i bhfeidhm na gceanglas nua, agus chun costais chomhlíontachta a íoslaghdú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin.
- (9) Chun an t-ualach tuairiscithe a laghdú ar ghnóthais atá faoi réir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta cheana féin faoin leagan de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún atá i bhfeidhm faoi láthair, ba cheart cead a bheith ag na gnóthais sin, le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2026 agus an 31 Nollaig 2026, na caighdeáin a chur i bhfeidhm de réir mar is infheidhme de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1416 ón gCoimisiún nó de bhun an Rialacháin seo. Ina theannta sin, gnóthais a roghnaíonn Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1416 ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm le haghaidh na mblianta airgeadais sin, ba cheart dóibh a bheith in ann

⁵ Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorpáraideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj>).

faoisimh áirithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Chun trédhearcacht agus inchomparáideacht a áirithiú, ba cheart do ghnóthais a lua go soiléir ina ráiteas inbhuanaitheachta cén leagan atá á chur i bhfeidhm acu maidir leis na blianta airgeadais sin.

- (10) I gcomhréir le hAirteagal 49(3b), an ceathrú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go comhpháirteach le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶, agus leis an gCoiste Rialála Cuntasaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷.
- (11) I gcomhréir le hAirteagal 49(3b), an cúigiú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, d'iarr an Coimisiún tuairim ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, ón Údarás Baincéireachta Eorpach agus ón Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde.
- (12) I gcomhréir le hAirteagal 49(3b), an séú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an mBanc Ceannais Eorpach, le Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a bunaíodh de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;
- (2) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Forálacha idirthréimhseacha

le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2026

1. Le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2026 agus an 31 Nollaig 2026, féadfaidh gnóthais a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ceachtar díobh seo a leanas a chur i bhfeidhm:
 - (a) na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 arna leasú go deireanach le

⁶ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj>).

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/oj>).

Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1416 ón gCoimisiún⁸ nó na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

- (b) na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1416 ón gCoimisiún leis na faoisimh seo a leanas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo:
- (i) CETI 1, mír 27 maidir leis an gcur chuige ón mbarr anuas le haghaidh an mheasúnaithe ábharthachta dúbailte;
 - (ii) CETI 1 míreanna 32-33 maidir le costas míchuí agus iarrachtaí míchuí agus teorannú an tslabhra luacha sa mheasúnú ábharthachta dúbailte;
 - (iii) CETI 1 míreanna 74-75 maidir le héadálacha agus diúscairtí nua;
 - (iv) CETI 1 mír 90 maidir le méadracht le haghaidh gníomhaíochtaí neamhshuntasacha;
 - (v) CETI 1 mír 91 maidir le raon feidhme tuairiscithe páirteach an tslabhra luacha;
 - (vi) CETI 1 mír 92 maidir le hoibríochtaí comhpháirteacha;
 - (vii) CETI 1 mír 106 maidir le nochtaí Tacsanomaíochta a chur i láthair i bhfoscscríbhinn ar leithligh;
 - (viii) CETI 1 mír 110 maidir leis an achoimre feidhmiúcháin.

2. Na gnóthais a roghnaíonn na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm sa leagan dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 1, luafaidh siad go soiléir ina ráiteas inbhuanaitheachta an leagan atá á chur i bhfeidhm acu maidir le blianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2026 agus an 31 Nollaig 2026.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [Oifig na bhFoilseachán: *cuir isteach an dáta = dáta an ghlactha móide 4 mhí móide 1 seachtain amháin*].

Beidh feidhm aige maidir leis na blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin.

⁸ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1416 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtheadh a chur siar le haghaidh gnóthais áirithe (IO L, 2025/1416, 10.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1416/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3.7.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN